1916 2016

CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN

Centenary Programme

LAOIS / LAOIS

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary Programme

1916

The Seven Programme Strands
Seacht Snáithe an Chláir

State and Local Ceremonial
Searmanais Stáit agus Áitiúla

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

The Living Language
An Teanga Bheo

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an
Domhain agus an Diaspóra

THE IRELAND 2016 CENTENARY PROGRAMME is built on Seven Programme Strands which, taken together, reflect the themes of Remembering, Reconciling, Presenting, Imagining and Celebrating. The programme will continue to grow and develop over the coming months. To see the updated programme, other county programmes and the national programme for 2016, please visit www.ireland.ie

TÁ ÉIRE 2016: CLÁR COMÓRTHA CÉAD BLIAIN bunaithe ar Sheacht Snáithe an Chláir, agus nuair a thógtar iad sin i dteannta a chéile, léiríonn siad na téamaí Cuimhneamh, Athmhuintearas, Cur i Láthair, Samhlú agus Ceiliúradh. Leanfar ar aghaidh le fás agus forbairt na gclár sna míonna amach romhainn. Leis an gclár nuashonraithe a fheiceáil, chomh maith le cláir chontaetha eile agus an clár náisiúnta le haghaidh 2016, téigh chuig www.ireland.ie

Formal commemorative events, focused on remembering and honouring those who took part in the Easter Rising, and especially those who gave their lives.

Beidh imeachtaí foirmiúla comóraidh ann a bheidh dírithe ar na daoine a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca, go háirithe iad siúd a thug a mbeatha lena linn, a thabhairt chun cuimhne agus ár n-ómós a léiriú dóibh.

A range of history-based activities and initiatives, designed to deepen and broaden our understanding of the events of 1916 and that pivotal period in our history.

Beidh réimse gníomhaíochtaí agus tionscnamh staire ann a cheapfar chun ár dtuiscint ar imeachtaí 1916 agus an tréimhse ríthábhachtach sin inár stair a dhoimhniú agus a leathnú.

Reflecting on the central place of the Irish language in the ideals of the Revolutionary Generation and celebrating the language through a diverse programme of events.

Cuirfear clár ilghnéitheach imeachtaí ar siúl mar léiriú ar áit lárnach na Gaeilge in idéil na Glúine Réabhlóidí agus chun an teanga a cheiliúradh.

Placing children and young people at the centre of the Ireland 2016 Centenary Programme and integrating historical exploration with a range of imaginative activities.

Cuirfear leanaí agus daoine óga i gcroílár Éire 2016: Clár Comórtha Céad Bliain agus déanfar iniúchadh ar cheisteanna staire a chomhtháthú le réimse gníomhaíochtaí samhlaíocha.

Working with our creative community and arts organisations to reflect on our past, our present and our future, with a focus on 1916.

Oibriú lenár bpobal cruthaitheach agus eagraíochtaí ealaíon chun machnamh a dhéanamh ar an am atá thart in Éirinn, ar an saol atá ann faoi láthair agus ar a bhfuil i ndán dúinn amach anseo, agus béim faoi leith ar chuimhneachán 1916.

Encouraging widespread citizen engagement in 1916 related events, involving the broadest possible community and voluntary sector participation in towns and villages throughout the country.

Saoránaigh a spreagadh le páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhainfidh le 1916, sa chaoi is go mbeidh an rannpháirtíocht is mó is féidir ag na hearnálacha deonacha agus pobail i mbailte agus i sráidbhailte ar fud na tíre.

Inviting the global Irish family and friends of Ireland from all over the world to join us in remembering, reflecting and re-imagining.

Cuireadh a thabhairt do chlanna Gael ó gach cearn den domhan agus do chairde na hÉireann a bheith linn agus muid ag cuimhneamh, ag déanamh machnaimh agus ag athshamhlú.

Foreword
Brollach

This Programme outlines the background and current plans for the Commemoration of the Centenary of the 1916 Rising in County Laois. This pivotal period in the history of Ireland has had an enormous impact on the development of our nation and our national identity, and it is fitting that we seek to commemorate the people and events in a thoughtful, respectful and consultative manner.

THE RISING IN LAOIS

On the evening of Easter Sunday, 23rd April 1916, acting under orders from P.H. Pearse, two groups of Irish Volunteers in Laois carried out military activity as part of the planned national Rising. A section of the railway line between Abbeyleix and Portlaoise was demolished, and a section of the line near Athy was damaged. The intention of these activities was to prevent British troop reinforcements reaching Dublin via Waterford and Rosslare respectively.

During the operation at Colt Wood near Abbeyleix, shots were fired at a Railway employee who had been sent to investigate the failure of the block signal system between Portlaoise and Abbeyleix. Although the unarmed railway employee - William Dalton - was uninjured, these shots are generally claimed to be the first shots of the 1916 Rising. A train carrying railway officials and RIC Officers sent to investigate the damage the following day was derailed. Nobody was reported to have been injured.

The activity at Colt Wood was carried out by Thomas Brady, Lawrence Brady, Colum Holohan, John Muldowney, Patrick Muldowney, P.J. Ramsbottom and Michael Sheridan. The men involved in Athy were Eamon Fleming, Michael Gray, Sean Maguire and Michael Walsh. They were later assisted by Terence Byrne, Patrick Fleming and James Ramsbottom. All went into hiding after their activities and were protected for several days at the farm of the Brady Family at Lalor's Mills near Portlaoise, while news started to slowly filter through that the planned Rising over most of the country had not taken place. While in hiding they were looked after by the Brady Sisters – Kathleen, May, Noreen and Breda. After several days on the run, the group eventually scattered when the Rising in Dublin failed. Many of the participants later went on to be active during the War of Independence and the Civil War.

Leagtar amach sa Chlár seo an cúlra agus na pleananna reatha don Chomóradh a dhéanfar i gContae Laoise ar Chéad Bliain Éire Amach 1916. Bhí tionchar ollmhór ag an tréimhse ríthábhachtach seo i stair na hÉireann ar fhorbairt ár náisiúin agus ár n-aitheantais náisiúnta, agus is cóir go ndéanfaimid comóradh ar na daoine agus ar na himeachtaí ar bhealach machnamhach, measúil agus comhairleach.

AN TÉIRÍ AMACH I LAOIS

Ar thráthnóna Domhnach Cásca, an 23 Aibreán 1916, ag feidhmiú ar orduithe ó Phádraig Mac Piarais, rinne dhá ghrúpa d'Óglaigh na hÉireann i Laois gníomhaíocht mhíleata mar chuid den Éirí Amach pleanáilte náisiúnta. Scriosadh cuid den líne iarnróid idir Mainistir Laoise agus Port Laoise, agus rinneadh damáiste do chuid den líne in aice le Baile Átha Í. Is é a bhí i gceist leis na gníomhaíochtaí seo atreisithe thrúpaí na Breataine a chosc ó dhul chomh fada le Baile Átha Cliath trí Phort Láirge agus Ros Láir faoi seach.

I rith na hoibríochta ag Colt Wood in aice le Mainistir Laoise, caitheadh piléir le fostaí Iarnróid a cuireadh amach chun teip ar an gcóras comhartha bloic idir Port Laoise agus Mainistir Laoise a fhiosrú. Cé nár gortaíodh an fostaí iarnróid William Dalton nach raibh faoi airm, deirtear gurbh iad sin na chéad philéir a caitheadh in Éirí Amach 1916. Cuireadh traein de na ráillí an lá ina dhiaidh sin ar a raibh oifigigh iarnróid agus Oifigigh RIC a cuireadh amach chun an damáiste a fhiosrú. Níor tuairiscíodh gur gortaíodh duine ar bith.

Rinne Thomas Brady, Lawrence Brady, Colum Holohan, John Muldowney, Patrick Muldowney, P.J. Rambsbottom agus Michael Sheridan an ghníomhaíocht ag Colt Wood. Ba iad na fir a bhí páirteach i mBaile Átha Í, Eamon Fleming, Michael Gray, Sean Maguire agus Michael Walsh. Chuidigh Terence Byrne, Patrick Fleming agus James Ramsbottom leo níos déanaí. Chuaigh siad ar fad i bhfolach tar éis a ngníomhaíochtaí agus cosnaíodh iad ar feadh roinnt laethanta ar fheirm Mhuintir Brady ag Lalor's Mills in aice le Port Laoise, nuair a scaip an scéal nár tharla an tÉirí Amach a bhí pleanáilte i bhformhór na tíre. Fad is a bhí siad i bhfolach, thug deirfiúracha Brady – Kathleen, May, Noreen agus Breda – aire dóibh. Tar éis roinnt laethanta ag rith, scaip an grúpa faoi dheireadh nuair a theip ar an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath. Bhí go leor de na rannpháirtithe gníomhach le linn Chogadh na Saoirse agus an Chogaidh Chathartha ina dhiaidh sin. Déantar cur síos ar na himeachtaí, na daoine agus

The events, people and consequences of these actions are documented in Fleming and Fleming (1996)[1], Rafter (2005)[2] and Grae (2015)[3]. The events of 1916 in Laois are commemorated with a monument - designed by Robert Ballagh - near the site of the train derailment at Colt Wood, erected by the Laois 1916 Commemoration Committee Laois in 1996.

1 Fleming, J. and Fleming, B. (eds) 1996. 1916 in Laois : An Account of the Activities of the Laois Volunteers up to and including the 1916 Rising. Laois 1916 Commemoration Committee.
2 Rafter, M. 2005. The Quiet County : Towards a History of the Laois Brigade I.R.A. and Revolutionary Activity in the County 1921-1923. Arderin Publishing Co.
3 Grae, M. (2015) Now or Never –A young volunteer's experience of the 1916 rising in Laois and its aftermath.

iarmhairtí na ngníomhaíochtaí seo in Fleming and Fleming (1996)[1], Rafter (2005)[2] agus Grae (2015)[3]. Déantar comóradh ar imeachtaí 1916 i Laois le séadchomhartha – a dhear Robert Ballagh – in aice leis an suíomh inar cuireadh an traein de na ráillí ag Colt Wood, séadchomhartha a thóg Coiste Comórtha Laoise 1916 i 1996.

1 Fleming, J. and Fleming, B. (eag.) 1996. 1916 in Laois : An Account of the Activities of the Laois Volunteers up to and including the 1916 Rising. Laois 1916 Commemoration Committee
2 Rafter, M. 2005. The Quiet County : Towards a History of the Laois Brigade I.R.A. and Revolutionary Activity in the County 1921-1923. Arderin Publishing Co.
3 Grae, M. (2015) Now or Never – A young volunteer's experience of the 1916 rising in Laois and its aftermath.

THE LAOIS COMMEMORATIONS IN 2016

In addition to the story of local events, the effects of the Easter Rising have been felt in Laois, as elsewhere in the country, for the decades which followed the Rising, through the War of Independence and the Civil War, and through the past 100 years to today. The commemorations in 2016 will explore and reflect on the Easter Rising in Laois, including both the local events and activities, and the wider national personalities, events and impacts.

For the Centenary of the 1916 Rising, we will commemorate these local events, the people involved and the families affected, through cultural performances, publications, historical reflections and education programmes. We will also commemorate the ideals, people and events of Easter 1916 in a broader context, with a reflection on our history as a nation and our development as a people, through the full programme of events and activities described in brief here, and to be expanded in the coming months.

The Commemoration of the Centenary of 1916 in Laois is led by the Laois Commemorations Committee, a group comprising Elected Members of Laois County Council, the Heritage, Arts, Libraries and Tourism Departments, and community representation including Laois Heritage Society, Laois Partnership and Laois Teachers Education Centre. The plans to date have been informed by extensive public consultation and the involvement of all parts of the community remains an important aspect of our commemorations.

In addition to the wider committee, several working groups have been established to work on particular elements of the programme, including Working Groups for Education, the Irish Language and the County Memorial Garden.

The Commemorations Committee will co-ordinate the implementation of the plan in Laois throughout the remainder of 2015 and 2016.

Communities will be vital in the planning and delivery of the programme for commemoration at County level. The wider community in Laois has been involved with the development of this plan, through a call for submissions in March 2015, and public workshops held in May 2015.

NA CUIMHNEACHÁIN I LAOIS IN 2016

Mar aon le scéal na n-imeachtaí áitiúla, airíodh tionchair Éirí Amach na Cásca i Laois, mar a airíodh iad in áiteanna eile sa tír, sna blianta tar éis an Éirí Amach, i rith Chogadh na Saoirse agus an Chogaidh Chathartha, agus le 100 bliain anuas go dtí an lá atá inniu ann. Díreoidh an comóradh a dhéanfar in 2016 ar thionchar an Éirí Amach i Laois, lena n-áirítear imeachtaí agus gníomhaíochtaí áitiúla agus na pearsantachtaí, imeachtaí agus tionchair náisiúnta níos leithne.

Do Chomóradh Céad Bliain Éirí Amach 1916, déanfaimid comóradh ar na himeachtaí áitiúla seo, na daoine a bhí páirteach agus na teaghlaigh a raibh tionchar aige orthu, trí thaibhithe cultúrtha, foilseacháin, machnamh ar an stair agus cláir oideachais. Déanfaimid comóradh chomh maith ar idéil, ar dhaoine agus ar imeachtaí na Cásca 1916 i gcomhthéacs níos leithne, le machnamh ar ár náisiún agus ar ár bhforbairt mar phobal, trí chlár iomlán imeachtaí agus gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu anseo, agus atá le forbairt sna míonna amach romhainn.

Tá Comóradh Céad Bliain 1916 i Laois á stiúradh ag Coiste Comórtha Laoise, grúpa a bhfuil Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae Laoise, na Ranna Oidhreachta, Ealaíon, Leabharlann agus Turasóireachta páirteach ann, agus ionadaíocht phobail lena n-áirítear Cumann Oidhreachta Laoise, Comhpháirtíocht Laoise agus Ionad Oideachais Mhúinteoirí Laoise. Go dtí seo, rinneadh comhairliúchán poiblí fairsing chun na pleananna a chur i dtoll a chéile agus tá rannpháirtíocht gach cuid den phobal fós ina gné thábhachtach dár gcomóradh.

Mar aon leis an gcoiste ginearálta, bunaíodh roinnt grúpaí oibre le hoibriú ar ghnéithe áirithe den chlár, lena n-áirítear Grúpaí Oibre don Oideachas, don Ghaeilge agus Gairdín Cuimhneacháin an Chontae.

Déanfaidh an Coiste Comórtha comhordú le forfheidhmiú an phlean i Laois sa chuid eile de 2015 agus in 2016.

Beidh pobail lárnach i bpleanáil agus i seachadadh an chláir chun comóradh a dhéanamh ag leibhéal an Chontae. Bhí an pobal trí chéile i Laois páirteach i bhforbairt an phlean seo, tríd an ngairm ar aighneachtaí i mí an Mhárta 2015, agus ceardlanna poiblí a reáchtáladh i mí na Bealtaine 2015.

Many of the submissions received and contributions to the workshops outlined what communities across Laois were already planning for the commemoration of 1916, and also what individuals and groups believe should happen at county level and more widely. All submissions have been carefully considered and are reflected in this programme.

A community grant scheme was launched in at the community workshops in May 2015. Details of community projects approved for funding under this scheme are included in the relevant sections of this programme. Community Grants to date have been allocated for projects taking place in 2015, either as standalone projects, or in preparation for events and projects to take place in 2016. A further call for submissions for funding of 2016 projects will be launched in late 2015.

Our plans for the commemoration of 1916 in Laois will follow the seven strands of the national commemoration, with projects and events presented here under each of the seven strands: Ceremonial, Historical Reflection, the Irish language programme an Teanga Bheo, Youth and Imagination, Cultural Expression, Community Participation, and Global and Diaspora.

Our programme of engagement will start in 2015 with a period of reflection on the people and events of 1916 both at national and local level, and with projects to encourage public debate on the topics and themes of the commemoration. Projects and events to take place in 2016 will also be planned and organised throughout 2015.

Some projects will be delivered at County level, through the Laois Commemoration Committee. Others will be community projects, delivered at local level by community groups of various types. These will be supported through the Community Grants Scheme for 2015 and 2016.

A digital calendar of events for 2015 and 2016 will be produced, which will be added to and modified as plans for 2016 are firmed up over the coming months. This will allow groups making plans for the commemoration of 1916 throughout the remainder of this year and into next year, to plan and organise their events while taking note of other events planned for the county.

Leagadh amach in go leor de na haighneachtaí agus na tuairimí a tháinig chun cinn i rith na gceardlann na rudaí a bhí á bpleanáil ag pobail ar fud Laoise cheana féin chun 1916 a chomóradh, agus na rudaí a chreideann daoine agus grúpaí is ceart a dhéanamh ag leibhéal an chontae agus leibhéal níos ginearálta don chomóradh. Rinneadh breithniú cúramach ar gach aighneacht agus is fianaise air sin an clár seo.

Seoladh scéim deontas pobail ag na ceardlanna pobail i mí na Bealtaine 2015. Áirítear sonraí ar thionscadail phobail a faomhadh le haghaidh maoiniú sna codanna ábhartha den chlár seo. Leithdháileadh Deontais Phobail go dtí seo do thionscadail a tharlóidh in 2015, mar thionscadail astu féin, nó mar réiteach d'imeachtaí agus do thionscadail a bheidh ag tarlú in 2016. I bhfómhar 2015 seolfar gairm eile ar iarratais ar mhaoiniú do thionscadail na bliana 2016.

Leanfaidh ár bpleananna do chomóradh 1916 i Laois seacht snáithe an chomóraidh náisiúnta, le tionscadail agus imeachtaí a chuirtear i láthair anseo faoi gach ceann de na seacht snáithe: Searmanais Stáit, Machnamh ar an Stair, An Teanga Bheo, an Óige agus an tSamhlaíocht, Léiriú Cultúrtha, Rannpháirtíocht Phobail agus Éireannaigh ar fud an Domhain agus Diaspóra.

Tosóidh ár gclár rannpháirtíochta in 2015 le tréimhse mhachnaimh ar dhaoine agus ar imeachtaí 1916 ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon, agus le tionscadail le díospóireacht phoiblí a spreagadh ar ábhair agus ar théamaí an chomóraidh. Déanfar tionscadail agus imeachtaí a tharlóidh in 2016 a phleanáil agus a eagrú i rith 2015.

Seachadfar roinnt tionscadal ag leibhéal Contae, trí Choiste Comórtha Laoise. Tionscadail phobail a bheidh i gcuid eile díobh, a sheachadfaidh grúpaí pobail de chineálacha éagsúla ag leibhéal áitiúil. Tacófar leo seo tríd an Scéim Deontas Pobail do 2015 agus 2016.

Cuirfear féilire digiteach imeachtaí do 2015 agus 2016 ar fáil agus cuirfear leis agus athrófar é sna míonna atá romhainn. Ceadóidh sé seo do ghrúpaí a bhfuil pleananna á ndéanamh acu do chomóradh 1916 sa chuid eile den bhliain agus an bhliain seo chugainn, a n-imeachtaí a phleanáil agus a eagrú fad is a chuireann siad imeachtaí eile sa chontae san áireamh.

It will be important that in our commemorations there is a respect for all traditions, and an opportunity to honour all of those who have brought freedom and peace to our nation, and to fulfil the promise of the Proclamation through "cherishing all of the children of the nation equally".

Communications with the community in Laois and further afield will be vital throughout this programme. A new website– www.laois2016.ie – will contain all details of the programme, with links to the national programme. This will be promoted and supported through social media and traditional print and broadcast media.

A Facebook page, www.facebook.com/laois2016 and Twitter account, @laois2016 have been set up and will carry news and updates on the programme in county Laois, as well as assisting with promotion of the national programme at local level.

A key measure of the success of the programme of commemorations in Laois will be level of community engagement with the programme. Our emphasis will be on delivering high quality projects which accurately reflect the aims of the programme and which engage members of the public.

Beidh sé tábhachtach go mbeidh meas ar gach traidisiún sa chomóradh a dhéanfar, agus go mbeidh deis meas a léiriú orthu siúd ar fad a thug saoirse agus síocháin chuig ár náisiún, agus chun rún an Fhorógra a chomhlíonadh trí "chomhchúram a dhéanamh do leanaí an náisiúin".

Beidh cumarsáid leis an bpobal i Laois agus níos faide ó bhaile ríthábhachtach sa chlár seo. Beidh sonraí ar fad an chláir ar shuíomh gréasáin nua – www.laois2016.ie – ar a mbeidh naisc leis an gclár náisiúnta. Úsáidfear na meáin shóisialta agus na meáin chlóite agus chraolta chun poiblíocht a dhéanamh ar an gclár seo.

Tá leathanach Facebook, www.facebook.com/laois2016, agus cuntas Twitter, @laois2016, bunaithe againn ar a mbeidh an nuacht agus an t-eolas is déanaí maidir le clár Chontae Laoise, mar aon le cuidiú le cur chun cinn an chláir náisiúnta ag leibhéal áitiúil.

Tomhas tábhachtach de rath an chláir comórtha i Laois is ea an leibhéal rannpháirtíochta pobail leis an gclár. Leagfar béim ar thionscadail ardchaighdeáin a sheachadadh a léireoidh go beacht aidhmeanna an chláir agus a spreagfaidh rannpháirtíocht an phobail.

Programme
An Clár

Ceremonial
Searmanais

MAY 2016
BEALTAINE 2016

Laois Commemorations Committee: County Memorial Garden
A Memorial Garden will be created to commemorate the signatories of the Proclamation of the Republic, at Áras an Chontae, Portlaoise. The garden will also commemorate the activities of the Laois Volunteers at Easter 1916 and the influence on the signatories of the Laois-born patriot and writer, James Fintan Lalor, whose statue stands outside County Hall. The garden will be prepared in 2015, and installed, with a formal unveiling ceremony on 12th May 2016, as part of the ceremonial flag-raising attended by representatives of the Defence Forces.

Coiste Comórtha Laoise: Gairdín Cuimhneacháin an Chontae
Cruthófar Gairdín Cuimhneacháin ag Áras an Chontae, Port Laoise, chun sínitheoirí Fhorógra na Poblachta a chomóradh. Comórfar sa ghairdín freisin na gníomhaíochtaí de chuid Óglaigh Laoise le linn Éirí Amach 1916 agus an tionchar a bhí ag James Fintan Lalor, tírghráthóir agus scríbhneoir a rugadh i Laois agus a bhfuil a dhealbh ina seasamh lasmuigh d'Áras an Chontae anois, ar shínitheoirí an Fhorógra.

Déanfar an gairdín a ullmhú agus a shuiteáil sa bhliain 2015. Beidh searmanas nochta foirmiúil ann an 12 Bealtaine 2016 mar chuid d'ardú searmanach brataí a mbeidh ionadaithe ó Óglaigh na hÉireann i láthair ann.

APRIL 2015
AIBREÁN 2015

Raheen 1916 Committee: Raheen Community Commemoration Garden
The community at Raheen near Abbeyleix has installed a community commemorative garden near the site where the first shots of the Rising were fired, between Portlaoise and Abbeyleix. This garden, which was among the first to be completed nationally, was formally opened in April 2015.

Coiste 1916 an Ráithín: Gairdín Comórtha Pobail an Ráithín
Tá gairdín comórtha suiteáilte ag an bpobal sa Ráithín in aice le Mainistir Laoise gar don suíomh inar caitheadh na chéad urchair i rith an Éirí Amach, idir Port Laoise agus Mainistir Laoise. Bhí an gairdín seo i measc na gcéad ghairdíní a chríochnófar agus is i mí Aibreáin 2015 a osclófar é.

Historical Reflection
Machnamh ar an Stair

OCTOBER 2015
DEIREADH FÓMHAIR 2015

James Fintan Lalor Autumn School

- The third annual James Fintan Lalor School, which was held in Portlaoise on 9-10 October 2015, focused on themes associated with 1916 for each of its debates. This was the major public engagement event of 2015 and will inform the further development of projects and events in 2016.
- A keynote address on the theme of "Commemoration" was given on Friday 9th October by historian and author Diarmaid Ferriter. Each debate on Saturday 10th October included allocated time for audience contributions as well as debate and interaction among the speakers.
- The themes of the debates were: *Irish Freedom in the 21st Century, The Power of Interest Groups and The 1916 Proclamation.*
- The contribution of Peter Lalor, brother of James Fintan, to independence in Australia will also be explored.
- In October 2016, the fourth annual James Fintan Lalor School will reflect on the commemoration process and the impacts of the Centenary Commemorations at local and national level. See www.jamesfintanlalor.ie for details.

Scoil Fómhair James Fintan Lalor

- Díreoidh an tríú Scoil James Fintan Lalor bhliantúil, atá le reáchtáil i Port Laoise ar an 9-10 Deireadh Fómhair 2015, ar théamaí a bhaineann le 1916. Imeacht rannpháirtíochta pobail mór a bheidh anseo in 2015 agus beidh sé mar bhonn agus taca le forbairt tionscadal agus imeachtaí do 2016.
- Tabharfaidh an staraí agus an t-údar Diarmaid Ferriter spreagaitheasc ar an téama "Comóradh" Dé hAoine, an 9 Deireadh Fómhair. Áireofar i ngach díospóireacht Dé Sathairn, an 10 Deireadh Fómhair, am ar leith do thuairimí ón bpobal mar aon le díospóireacht agus idirghníomhaíocht i measc na gcainteoirí.
- Seo a leanas téamaí na ndíospóireachtaí: *Saoirse na hÉireann san 21ú hAois, Cumhacht na nGrúpaí Sainleasa agus Forógra 1916.*
- Fiosrófar an méid a chuir Peter Lalor, deartháir le James Fintan, le neamhspleáchas san Astráil, nuair a labhróidh Ruth Adler, Ambasadóir na hAstráile chun na hÉireann, ag an gComhdháil.
- I mí Dheireadh Fómhair 2016, déanfar machnamh mar chuid de cheathrú Scoil James Fintan Lalor bhliantúil ar an bpróiseas comórtha agus ar na tionchair a bhíonn ag Comóradh Céad Bliain ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Féach ar www.jamesfintanlalor.ie le haghaidh tuilleadh sonraí.

Mountmellick and Abbeyleix Libraries Leabharlanna Mhóinteach Mílic agus Mhainistir Laoise	**Laois Library Service: Library Exhibitions** A major exhibition of the people, places and events in Laois during the 1916 Rising will be created and displayed in the Library Exhibition Spaces at Mountmellick and Abbeyleix Libraries. The exhibition will include details taken from documentary sources, including witness statements of members of the Irish Volunteers active in Laois and Laois people active elsewhere during the Rising.	**Seirbhís Leabharlainne Laoise: Taispeántais Leabharlainne** Cruthófar mórthaispeántas de na daoine, de na háiteanna agus de na himeachtaí i Laois i rith Éirí Amach 1916 agus taispeánfar é i Spásanna Taispeántais na Leabharlainne ag Leabharlanna Mhóinteach Mílic agus Mhainistir Laoise. Áireofar sa taispeántas sonraí a tógadh ó fhoinsí doiciméadacha, lena n-áirítear ráitis finné ó bhaill d'Óglaigh na hÉireann a bhí gníomhach i Laois agus daoine as Laois a bhí gníomhach in áiteanna eile i rith an Éirí Amach.
2016	**Laois Library Service: Factsheet on Laois in 1916** A Factsheet on Laois events and life in Laois at the time of 1916 will be produced by the library service to complement nationally-produced material and to give a local context for schools and other interested groups.	**Seirbhís Leabharlainne Laoise: Bileog Fíricí faoi Laois i 1916** Táirgfidh an tseirbhís leabharlainne bileog fíricí ar imeachtaí agus ar an saol i Laois i rith 1916 le cur le hábhar a chuirfear ar fáil go náisiúnta agus chun comhthéacs áitiúil a thabhairt do scoileanna agus do ghrúpaí eile a bhfuil suim acu ann.
Laois Branch Libraries Leabharlanna Brainse Laoise	**Laois Library Service: 1916 Commemorative Lecture Series** A series of historical talks has been organised for Laois Branch libraries, starting in autumn 2015 and running until spring 2016. These will profile different aspects of the history of the time and speakers include Brian Hanley and Dr Shane Kenna.	**Seirbhís Leabharlainne Laoise: Sraith Léachtaí Comórtha 1916** Tá sraith cainteanna stairiúla eagraithe do leabharlanna Brainse Laoise, ag tosú i bhfómhar 2015 agus ag dul ar aghaidh go dtí earrach 2016. Labhrófar faoi ghnéithe áirithe de stair an ama. Beidh Brian Hanley agus an Dr Shane Kenna i measc na gcainteoirí.
Laois Branch Libraries Leabharlanna Brainse Laoise	**Laois Library Service: Historical Film Archives** Laois Library Service has organised for public access to British Pathé film archive footage of the 1916 period to be available in all Branch Libraries during the Centenary Commemorations.	**Seirbhís Leabharlainne Laoise: Cartlanna Scannáin Stairiúla** Tá sé eagraithe ag Seirbhís Leabharlainne Laoise go mbeadh rochtain phoiblí ar phíosaí scannáin ó chartlanna scannáin British Pathé ó thréimhse 1916 i ngach Leabharlann Bhrainse i rith an Chomórtha Céad Bliain.

Laois Branch Libraries Leabharlanna Brainse Laoise	**Laois Library Service Centenary Book Collection** A bibliography of fiction and non-fiction books relating to all aspects of 1916, including publications by the Rising Leaders, is being compiled, and will be available in all Laois Branch Libraries. In addition, a core collection of fiction and non-fiction books with themes relating to 1916 is being built up and will be available throughout the Laois Libraries in 2016.	**Bailiúchán Leabhar Céad Bliain Sheirbhís Leabharlainne Laoise** Tá leabharliosta de leabhair fhicsin agus neamhfhicsin a bhaineann le gach gné de 1916, lena n-áirítear foilseacháin de chuid cheannairí an Éirí Amach, á chur i dtoll a chéile, agus beidh sé ar fáil i ngach Leabharlann Bhrainse i Laois. Mar aon leis sin, tá croí-bhailiúchán de leabhair fhicsin agus neamhfhicsin bunaithe ar théamaí a bhaineann le 1916 á chur i dtoll a chéile agus beidh sé ar fáil i Leabharlanna Laoise in 2016.
2016	**Abbeyleix Heritage Company:** *A Nurse at Easter 1916* Abbeyleix Heritage Company are creating a short film on the personal recollections of Mary O'Shea, a former midwife and district nurse from Abbeyleix who served the districts of Abbeyleix, Durrow, Ballinakill, Shanahoe and Raheen, delivering over 1,500 babies. She was working as a midwife in the Rotunda Hospital during the events of Easter Week 1916 and described how Dublin was turned into a war zone. Mary was later an active member of the Abbeyleix Guild of the ICA and wrote about her experiences to commemorate 50 years of the Guild.	**Cuideachta Oidhreachta Mhainistir Laoise:** *A Nurse at Easter 1916* Tá gearrscannán á chruthú ag Cuideachta Oidhreachta Mhainistir Laoise maidir le cuimhní pearsanta Mary O'Shea, iarbhean chabhrach agus altra dúiche ó Mhainistir Laoise a d'fhreastail ar dhúichí Mhainistir Laoise, Dharú, Bhaile na Coille, Sheanchua agus an Ráithín, agus a thug os cionn 1,500 leanbh ar an saol. Bhí sí ag obair mar bhean chabhrach in Ospidéal an Rotunda i rith imeachtaí Sheachtain na Cásca 1916 agus rinne sí cur síos ar an gcaoi ar iompaíodh Baile Átha Cliath ina ionad cogaidh. Bhí Mary ina ball gníomhach ina dhiaidh sin de Ghild ICA Mhainistir Laoise agus scríobh sí faoina taithí chun comóradh a dhéanamh ar 50 bliain den Ghild.
2016	**Laois 1916 Commemoration Committee:** *Mother*: **a Film** A short film is being made on location, based on the events in Laois of Easter 1916, with input from descendants of those involved.	**Coiste Comórtha 1916 Laoise:** *Mother*: **Scannán** Tá gearrscannán á dhéanamh ar an láthair, bunaithe ar imeachtaí i Laois faoi Cháisc 1916, le hionchur ó shliocht na ndaoine a bhí páirteach.
NOVEMBER 2015–2016 SAMHAIN 2015–2016	**Mountmellick 1916 Commemorative Committee: "Mountmellick Commemorates 1916"** A public debate was held entitled "Has the Republic lived up to the Proclamation?" (November 2015) and a Community Commemorative garden will be developed in Mountmellick in 2016.	**Coiste Comórtha 1916 Mhóinteach Mílic: "Déanann Móinteach Mílic Comóradh ar 1916"** Reáchtálfar díospóireacht phoiblí dar teideal "Has the Republic lived up to the Proclamation?" (Samhain 2015) agus forbrófar Gairdín Comórtha Pobail i Móinteach Mílic in 2016.

Mountmellick Museum Músaem Mhóinteach Mílic	**Mountmellick Development Association: How the 1916 Proclamation has impacted on our lives** Collection of reflective ideas on the last 100 years in Ireland and display in Mountmellick Museum.	**Cumann Forbartha Mhóinteach Mílic: An chaoi a raibh tionchar ag Forógra 1916 ar ár saol** Bailiúchán de smaointe machnamhacha ar an 100 bliain seo caite in Éirinn agus taispeántas i Músaem Mhóinteach Mílic.
Portlaoise Men's Shed Cró na bhFear Phort Laoise	**2016 First Shots: Re-enactment** A re-enactment will be staged of key Laois events from the 1916 Rising, with a pop-up museum at the re-enactment site displaying artefacts and memorabilia from the time.	**Na Chéad Urchair in 2016: Athachtú** Reáchtálfar athachtú bunaithe ar na príomhimeachtaí a tharla i Laois ó Éirí Amach 1916, le músaem sealadach ag an suíomh athachtaithe ina mbeidh déantáin agus earraí cuimhneacháin ón am.

The Living Language
An Teanga Bheo

FROM JANUARY 2016 Ó MHÍ EANÁIR 2016	**Laois Commemoration Committee: Clár Comórtha Céad Bliain** A series of Irish language commemorative events will be rolled out from January 2016 in association with Foras na Gaeilge.	**Coiste Comórtha Laoise: Clár Comórtha Céad Bliain** Cuirfear sraith imeachtaí comórtha Gaeilge ar fáil ó mhí Eanáir 2016 i gcomhair le Foras na Gaeilge.
MARCH 2016 MÁRTA 2016	**Laois Commemoration Committee: Seachtain na Gaeilge Events** Irish language events to promote the Clár Comórtha Céad Bliain as Gaeilge during Seachtain na Gaeilge, March 2016.	**Coiste Comórtha Laoise: Imeachtaí Sheachtain na Gaeilge** Imeachtaí Gaeilge chun poiblíocht a dhéanamh ar an gClár Comórtha Céad Bliain as Gaeilge i rith Sheachtain na Gaeilge, Márta 2016.
Laois Library Service Seirbhís Leabharlainne Laoise	**Library Projects and events** Through the "Ciorcal Comhrá" in operation at Branch Libraries and events for Culture Night and Seachtain na Gaeilge, the Laois Library Service will promote and develop discussions relating to the Centenary through the Irish language.	**Tionscadail agus imeachtaí Leabharlainne** Tríd an gCiorcal Comhrá atá bunaithe ag Leabharlanna Brainse agus imeachtaí don Oíche Chultúir agus Seachtain na Gaeilge, tacóidh Seirbhís Leabharlainne Laoise le plé a bhaineann leis an gComóradh Céad Bliain trí Ghaeilge agus agus tarraingeoidh sí aird an phobail orthu.
SEPTEMBER 2016 MEÁN FOMHAIR 2016 Laois Arts Office Oifig Ealaíon Laoise	**Oíche Chultúir 2016** Oireachtas na Gaeilge events as part of the Culture Night 2016, September 2016.	**Oíche Chultúir 2016** Imeachtaí Oireachtas na Gaeilge mar chuid d'Oíche Chultúir 2016, Meán Fómhair 2016.

2016

Comhaltas Ceoltóirí Éireann Spink: Ireland this 100 and the next 100
A series of talks on history and culture in the Irish language will be organised and staged by the Spink Branch of Comhaltas Ceoltóirí Éireann.

Comhaltas Ceoltóirí Éireann na Spince: Éire sa 100 seo agus sa 100 amach romhainn
Eagróidh agus reáchtálfaidh Brainse na Spince de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann sraith cainteanna ar stair agus ar chultúr na Gaeilge.

Youth and Imagination
An Óige agus an tSamhlaíocht

AUTUMN 2015–SUMMER 2016
FÓMHAR 2015–SAMHRADH 2016

Laois Commemoration Committee: Community History Project
A community history project will run from winter 2015 to autumn 2016. This project will involve primary research, development of an education programme to complement the national programme being rolled out by the Department of Education and Skills, school visits, adult workshops and community engagement.

Coiste Comórtha Laoise: Tionscadal Staire Pobail
Mairfidh tionscadal staire pobail ó 2015 go 2016. Is é a bheidh i gceist sa tionscadal seo buntaighde, forbairt clár oideachais le cur leis an gclár náisiúnta atá á chur ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, cuairteanna scoile, ceardlanna do dhaoine fásta agus rannpháirtíocht phobail.

2015–2016

Laois Education Centre 1916 Centenary Projects
We have worked with Laois Teacher Education Centre to develop a programme of local events and competitions which will promote the commemoration of the Centenary of 1916 at County level, complementing the national programmes. There will be special 1916 categories and prizes for the following competitions in the 2015/2016 school year:

- Schools Heritage Project Competition
- Co-operation is Cool
- Scríobh Leabhar and Write-a-Book
- Debate competition
- Film in Schools competition.

Tionscadail Chomóradh Céad Bliain 1916 Ionad Oideachais Mhúinteoirí Laoise
D'oibríomar le hIonad Oideachais Mhúinteoiri Laoise chun clár imeachtaí agus comórtas áitiúil a fhorbairt a dhéanfaidh poiblíocht ar chomóradh Céad Bliain 1916 ag leibhéal Contae, ar bhealach a chuirfidh leis na cláir náisiúnta. Beidh catagóirí agus duaiseanna speisialta 1916 do na comórtais seo a leanas i scoilbhliain 2015/2016:

- Comórtas um Thionscadal Oidhreachta Scoileanna
- Is Maith an Comhoibriú
- Scríobh Leabhar agus Write-a-Book
- Comórtas díospóireachta
- Comórtas na Scannán i Scoileanna.

Laois Education Centre Ionad Oideachais Laoise	**Schools Commemorative Art Project** This will be a collaborative project involving students from all secondary schools in the county taking part in the design and creation of a large scale ceramic art work to commemorate the centenary of the 1916 Rising, which will then be publicly displayed in the County. The project will be led by a teacher and a ceramic artists with participation from the Art and History Departments of all nine Secondary Schools in Co Laois. This project will be led by Laois Teachers Education Centre.	**Tionscadal Comórtha Ealaíne na Scoileanna** Beidh sé ina chomharthionscadal ina nglacfaidh daltaí ó gach meánscoil sa chontae páirt i mórshaothar ealaíne ceirmeachta a dhearadh agus a chruthú ar mhaithe le comóradh céad bliain Éirí Amach 1916 a cheiliúradh. Cuirfear an saothar ar taispeáint go poiblí sa Chontae. Beidh an tionscadal faoi stiúir ag múinteoir agus ag ealaíontóirí ceirmeachta agus beidh rannpháirtíocht ó na Rannóga Ealaíne agus Staire i ngach ceann de na naoi Meánscoil i gContae Laoise i gceist leis. Is é Ionad Oideachais Mhúinteoirí Laoise a stiúrfaidh an tionscadal.
Laois Library Service Seirbhís Leabharlainne Laoise	**"Your Ireland" Poetry Competition** Laois Library Service will be taking part in a national post-primary Poetry Competition being organised by the DES, Local Authority Library Services and the LGMA. The competition will invite pupils to submit poetry on the theme "Your Ireland", with winners of the county competition going forward to a national final. The county competitions will be launched in January 2016. Local judging will take place in March and a national final will take place in April 2016.	**Comórtas Filíochta "Éire. Is leatsa Í."** Beidh Seirbhís Leabharlainne Laoise ag glacadh páirte i gComórtas Filíochta iar-bhunscoile náisiúnta arna eagrú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, Seirbhísí Leabharlainne na nÚdarás Áitiúil agus LGMA. Tabharfar cuireadh do dhaltaí píosa filíochta a scríobh bunaithe ar an téama "Éire. Is Leatsa Í", agus rachaidh buaiteoirí an chomórtais contae ar aghaidh chuig an gcraobh náisiúnta. Seolfar na comórtais chontae i mí Eanáir 2016. Déanfar an mholtóireacht áitiúil i mí an Mhárta agus beidh an chraobh náisiúnta ar siúl i mí Aibreáin 2016.
Laois Library Service Seirbhís Leabharlainne Laoise	**How to Research Your Family History** Workshops on genealogy and resources associated with researching your family history will be presented for the public in spring 2016.	**Conas Taighde a dhéanamh ar Stair do Mhuintire** Cuirfear ceardlanna ar ghinealas agus acmhainní a bhaineann le taighde a dhéanamh ar stair do mhuintire i láthair an phobail in earrach 2016.
Laois Library Service Seirbhís Leabharlainne Laoise	**Interactive Historical Events for Children** During Heritage Week 2015, Laois Library Service hosted the *Irish History Live* re-enactment show, with a theme of 1916. The show was performed with children in Branch Libraries in Laois during August 2015. This show will be used again in spring 2016 to bring the story of 1916 to a younger audience in an engaging way.	**Imeachtaí Stairiúla Idirghníomhacha do Leanaí** I rith Sheachtain Oidhreachta 2015 reáchtáil Seirbhís Leabharlainne Laoise seó athchtaithe *Stair na hÉireann Beo*, seó a bhí bunaithe ar 1916. Tabhaíodh an seó le leanaí i Leabharlanna Brainse i Laois i rith Lúnasa 2015. Reáchtálfar an seó seo arís in earrach 2016 chun scéal 1916 a thabhairt chuig lucht féachana níos óige ar bhealach rannpháirteach.

2016	**Comhairle na nÓg: Participation of Children and young People in Centenary Commemorations** We will work with Laois Comhairle na nÓg to ensure that young people are involved at all stages in the Centenary Commemorations.	**Comhairle na nÓg: Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chomóradh Céad Bliain** Oibreoimid le Comhairle na nÓg i Laois lena chinntiú go mbeidh daoine óga páirteach i ngach céim den Chomóradh Céad Bliain.
MARCH 2016 MÁRTA 2016	**A composition to commemorate 1916, performed by Youth Trad Orchestra and Children's Choir** Music Generation Laois have engaged a composer to collaborate with young traditional musicians from the Music Generation Laois Trad Orchestra to compose a piece of music to be performed by Trad Orchestra and Choir in Portlaoise in 2016 . This new work will be shaped by reflections on 1916 by children and young people. Music Generation Laois is a performance music education programme for children and young people in Co Laois.	**Píosa ceoil chun an bhliain 1916 a chomóradh, a bheidh á thaibhiú ag Ceolfhoireann Óige agus Cór Leanaí Ceoil Thraidisiúnta** D'fhostaigh Giniúint Ceoil Laoise cumadóir chun comhoibriú le ceoltóirí traidisiúnta óga ó Cheolfhoireann Ceoil Thraidisiúnta Ghiniúint Ceoil Laoise le go gcumfaidís píosa ceoil a thaibheodh Ceolfhoireann agus Cór Ceoil Thraidisiúnta sa bhliain 2016. Beidh an saothar nua sin bunaithe ar mhachnamh ar an mbliain 1916 a dhéanfaidh leanaí agus daoine óga. Is é is Giniúint Ceoil Laoise ann ná clár oideachas ceoil taibhithe do leanaí agus do dhaoine óga i gContae Laoise.

Cultural Expression
Léiriú Cultúrtha

2016	**Laois Commemorations Committee: Recording the Centenary** The projects, events and lasting legacy of the Laois 2016 Commemorations will be fully recorded in photos, audio, words and video, with the intention of producing a publication to mark how the centenary of the important moment in our history was marked in Laois.	**Coiste Comórtha Laoise: An Comóradh Céad Bliain a Thaifeadadh** Taifeadfar tionscadail, imeachtaí agus oidhreacht mharthanach Chomóradh 2016 Laoise i ngrianghraif, fuaim, focail agus físeán, agus é i gceist foilseachán a chur ar fáil chun cur síos a dhéanamh ar an gcaoi ar taifeadadh comóradh céad bliain na tréimhse tábhachtaí seo dár stair i Laois.
2016	**Ballylinan Writers Group: Laois 1916 Anthology** A book of short stories, prose and poetry will be produced by the members of Ballylinan Writers Group, to commemorate the people and events of Laois in 1916.	**Grúpa Scríbhneoirí Bhaile Uí Laigheanáin: Duanaire Laoise 1916** Cuirfidh baill de Ghrúpa Scríbhneoirí Bhaile Uí Laigheanáin leabhar gearrscéalta, próis agus filíochta i dtoll a chéile chun comóradh a dhéanamh ar phobal agus ar imeachtaí Laoise i 1916.

NOVEMBER 2015 SAMHAIN 2015	**Comhaltas Ceoltóirí Éireann Camross: 1916 Commemorative Concert** Commemorative events were held by the Camross Branch of Comhaltas Ceoltóirí Éireann as part of a Traditional Music weekend, in November 2015.	**Comhaltas Ceoltóirí Éireann Chamrois: Ceolchoirm Chuimhneacháin 1916** Reáchtálfaidh Comhaltas Ceoltóirí Éireann Chamrois imeachtaí comórtha mar chuid den deireadh seachtaine de Cheol Traidisiúnta i mí na Samhna 2015.
APRIL–JUNE 2016 AIBREÁN – MEITHEAMH 2016	**Comhaltas Ceoltóirí Éireann Portarlington: Concert and Tree Planting** A concert will be held to commemorate the centenary of the 1916 Rising. The event will consist of traditional music song, readings and poetry of the era, to take place in May/June 2016. A commemorative tree planting will also take place in the People's Park, Portarlington.	**Comhaltas Ceoltóirí Éireann Chúl an tSúdaire: Ceolchoirm agus Cur Crann** Reáchtálfar ceolchoirm chun comóradh céad bliain a dhéanamh ar Éirí Amach 1916. Is é a bheidh san imeacht seo ceol agus amhráin thraidisiúnta, léamh agus filíocht ón ré sin, agus beidh sé ar siúl i mí na Bealtaine/mí an Mheithimh 2016. Eagrófar cur crainn cuimhneacháin chomh maith i bPáirc an Phobail i gCúil an tSúdaire.
2016	**Comhaltas Ceoltóirí Éireann Portlaoise: Laois Folk Orchestra** A new work for the Laois Folk Orchestra will be commissioned and performed.	**Comhaltas Ceoltóirí Éireann Phort Laoise: Ceolfhoireann Tíre Laoise** Coimisiúnófar saothar nua do Cheolfhoireann Tíre Laoise agus reáchtálfar ceolchoirm.
12 APRIL 2016 AIBREÁN 2016 Harney School of Speech and Drama Scoil Urlabhra agus Drámaíochta Harney	*The Casual Comedy* **(Drama)** A drama has been written based on memories of 1916, particularly the leading figures of the Rising, and will be performed in the Dunamaise Arts Centre in April 2016. www.dunamaise.ie	*The Casual Comedy* **(Dráma)** Scríobhadh dráma bunaithe ar chuimhní cinn 1916, dírithe go háirithe ar phríomhfhigiúirí an Éirí Amach, agus taispeánfar an dráma in Ionad Ealaíon Dhún Másc i mí Aibreáin 2016. www.dunamaise.ie
2016	**Maureen Culleton Dance Group: Laois Lancers Set: Ceiliúradh Céad Bliain** A new dance set will be created by internationally renowned dancer Maureen Culleton, in honour of the 1916 Rising. This will then be performed at various ceremonial events through 2016.	**Grúpa Damhsa Maureen Culleton: Damhsóirí Seit Laoise: Ceiliúradh Céad Bliain** Cumfaidh an damhsóir a bhfuil cáil idirnáisiúnta uirthi, Maureen Culleton, damhsa seit nua in onóir Éirí Amach 1916. Déanfar an damhsa seo ag imeachtaí searmanais éagsúla i rith 2016.

MARCH 2016
MÁRTA 2016

Portlaoise Active Retirement Association: Ceiliúradh is Cuimhne: Eirí Amach na Cásca 1916
A performance event to commemorate the Rising will be held in the Dunamaise Arts Centre, Portlaoise in March 2016. This will involve music, dance, storytelling all with the involvement of members of the Active Retirement Association.

Cumann Gníomhaíochta Lucht Scoir Phort Laoise: Ceiliúradh is Cuimhne: Éirí Amach na Cásca 1916
Reáchtálfar imeacht taibhithe chun an tÉirí Amach a cheiliúradh in Ionad Ealaíon Dhún Masc, Port Laoise i mí an Mhárta 2016. Beidh ceol, damhsa, agus scéalaíocht i gceist agus beidh baill ar fad an Chumainn Gníomhaíochta Lucht Scoir páirteach ann.

Community Participation
Rannpháirtíocht Phobail

Laois Commemorations Committee: Creation of a Laois Digital Archive
We will be working with communities to digitally record memorabilia and papers associated with 1916, both the Rising and life for ordinary people around that time.

Coiste Comórtha Laoise: Cruthú Chartlann Dhigiteach Laoise
Beimid ag obair le pobail chun taifeadadh digiteach a dhéanamh ar earraí cuimhneacháin agus ar na páipéir a bhaineann le 1916, leis an Éirí Amach agus le saol na ngnáthdhaoine um an dtaca sin.

Abbeyleix Tidy Towns: Commemorative Seat to remember Laois Connections with 1916
Commemorative seat to remember Mary O'Shea, the nurse from Abbeyleix who became involved in 1916 and to mark the centenary.

Bailte Slachtmhara Mhainistir Laoise: Suíochán Comórtha chun an bhaint a bhí ag Laois le 1916 a mheabhrú
Suíochán comórtha le cuimhneamh ar Mary O'Shea, an t-altra ó Mhainistir Laoise a bhí páirteach i 1916 agus chun an céad bliain a chomóradh.

Emo 1916 Commemoration Committee: Emo 1916 Commemoration
Community workshops will be held to develop ideas for a community artwork to commemorate the centenary.

Coiste Comórtha 1916 Ioma: Comóradh 1916 Ioma
Reáchtálfar ceardlanna pobail chun smaointe a fhorbairt i gcomhair saothar ealaíne pobail chun céad bliain a chomóradh.

Mountrath Library Local History Society: Mountrath Remembers 1916 - 100 Years on
A Commemorative Garden to remember 1916 will be created in Mountrath.

Cumann Staire Áitiúil Leabharlann Mhaighean Rátha: 1916 á thabhairt chun cuimhne i Maighean Rátha – 100 Bliain níos déanaí
Cruthófar Gairdín Cuimhneacháin i Maighean Rátha mar chomóradh ar 1916.

Global and Diaspora
Éireannaigh ar fud an Domhain agus an Diaspóra

APRIL 2016 AIBREÁN 2016	**Laois Commemorations Committee: Sister Cities Programme** Laois will participate in the planned sister cities seminar and programme, to be organised at national level by the Ireland 2016 Programme. We will invite representatives from our sister city in the USA, Franklin Tennessee, to visit and participate in the planned seminar and events in April 2016.	**Coiste Comórtha Laoise: Clár Comhchathracha** Beidh Laois páirteach sa seimineár agus clár comhchathracha pleanáilte, eagraithe ar bhonn náisiúnta ag Clár Éire 2016. Tabharfaimid cuireadh d'ionadaithe ónár gcomhchathair sna Stát Aontaithe, Franklin Tennessee, cuairt a thabhairt orainn agus a bheith páirteach sa seimineár agus sna himeachtaí pleanáilte i mí Aibreáin 2016.
2015–2016	**James Fintan Lalor School** We have developed close ties with the Lalor Clan in Australia through the James Fintan Lalor School and these will be further developed and supported through 2015 and 2016.	**Scoil James Fintan Lalor** Tá dlúthnasc forbartha againn le Muintir Lalor san Astráil trí Scoil James Fintan Lalor agus forbrófar iad agus tacófar leo seo a thuilleadh i rith 2015 agus 2016.

MEMBERSHIP OF THE LAOIS COMMEMORATIONS COMMITTEE

Ms. Catherine Casey
Ms. Michelle de Forge
Ms. Anna Marie Delaney
Mr. Jim Enright
Cllr John Joe Fennelly
Mr. Teddy Fennelly
Cllr Catherine Fitzgerald
Mr. Jim Fleming
Cllr Padraig Fleming
Ms. Bernie Foran
Ms Anne Goodwin
Cllr James Kelly
Cllr John King
Cllr Aidan Mullins
Ms. Muireann Ní Chonaill
Mr. Michael Parsons
Mr. Dominic Reddin
Cllr Noel Touhy

LAOIS IRELAND 2016 COORDINATOR:

For further information about this Programme please contact our 2016 Coordinator:

Catherine Casey
e: ccasey@laoiscoco.ie
t: 057-866 4129
w: www.laois2016.ie

BALLRAÍOCHT CHOISTE COMÓRTHA LAOISE

Catherine Casey, Uasal
Michelle de Forge, Uasal
Anna Marie Delaney, Uasal
An tUasal Jim Enright
An Comhairleoir John Joe Fennelly
An tUasal Teddy Fennelly
An Comhairleoir Catherine Fitzgerald
An tUasal Jim Fleming
An Comhairleoir Pádraig Fleming
Bernie Foran, Uasal
Anne Goodwin, Uasal
An Comhairleoir James Kelly
An Comhairleoir John King
An Comhairleoir Aidan Mullins
Muireann Ní Chonaill
An tUasal Michael Parsons
An tUasal Dominic Reddin
An Comhairleoir Noel Tuohy

COMHORDAITHEOIR ÉIRE 2016 LAOISE:

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin gClár seo déan teagmháil, le do thoil, lenár gComhordaitheoir 2016:

Catherine Casey
r: ccasey@laoiscoco.ie
g: 057-866 4129
i: www.laois2016.ie

ÉIRE
IRELAND

1916
2016

Clár Comórtha
Céad Bliain
Centenary
Programme

Grianghraf Cumhdaigh: Paddy Fleming, le caoinchead ó Jim Fleming
Photograph: Paddy Fleming, Courtesy of Jim Fleming

Laois County Council,
Áras an Chontae,
Portlaoise,
Co. Laois

t: 057 8664000
w: www.laois.ie

Comhairle Chontae Laoise,
Áras an Chontae,
Port Laoise,
Contae Laoise

g: 057 8664000
i: www.laois.ie

ireland.ie